# GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE – GNÍOMHAIRÍ AR CONRADH


RÉAMHRÁ ....2

1. PRÓIFÍLÍ AGUS GRÚPAÍ FEIDHME A CHUMHDAÍTEAR LEIS AN NGLAO SEO ATÁ CUMHDAITHE AG AN NGLAO SEO ....2

2. FORÁLACHA BUNÚSACHA ....3

3. NA COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA ....3

3.1. Coinníollacha ginearálta ....3

3.2. Íoschoinníollacha sonracha — teangacha ....4

3.3. Íoschoinníollacha sonracha – cáilíochtaí agus taithí oibre ....4

4. PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN ....5

4.1. Forléargas ar na próisis roghnúcháin ....5

4.2. Úsáid teangacha sna próisis roghnúcháin seo ....5

4.3. An t-iarratas a dhéanamh ....5

4.4. Na seirbhísí earcaíochta réamhroghnú (gearrliosta) a dhéanamh ....6

4.5. Trialacha roghnúcháin a eagraíonn EPSO ....6

4.6. Agallaimh agus / nó trialacha earcaíochta a eagraíonn na seirbhísí earcaíochta ....8

5. EARCAÍOCHT ....8

6. COMHDHEISEANNA AGUS SOCRUITHE RÉASÚNTA ....9

7. DÍCHÁILIÚ AGUS EISIAMH SEALADACH ....9

8. ÁBHAIR IMNÍ AGUS LEIGHIS ....10

8.1. Fadhbanna teicniúla agus eagraíochtúla ....10

8.2. Gearáin maidir le ceisteanna trialach réasúnaíochta ....10

8.3. Gearáin riaracháin ....10

8.4. Achomhairc bhreithiúnacha ....11

8.5. Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh ....11

9. FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA ....12

IARSCRÍBHINN I. Na príomhdhualgais ....13

IARSCRÍBHINN II. Ceanglais Teanga ....27

IARSCRÍBHINN III. Cóid speisialta atá le sonrú in iarratais ar phróifílí 'Bainistíocht Foirgníochta' EPSO/CAST/P/23/2022, EPSO/CAST/P/24/2022, agus EPSO/CAST/P/25/2022 ....28

## RÉAMHRÁ

(1) Sheol an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) próisis roghnúcháin CAST Buan an 5 Eanáir 2017 trí ghlao ar léiriú spéise a fhoilsiú le haghaidh roinnt próifílí agus grúpaí feidhme.

(2) Rinneadh na hathruithe seo a leanas ina dhiaidh sin ar an nGlao ar léiriú spéise: ceartúchán an 13 Meitheamh 2017, aguisín an 16 Deireadh Fómhair 2017, aguisín an 16 Aibreán 2018, ceartúchán an 27 Iúil 2018, aguisín an 26 Meán Fómhair 2018, aguisín an 8 Eanáir 2019, agus aguisín an 10 Márta 2022.

(3) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an leagan leasaithe agus comhdhlúite seo a chur in ionad théacs bunaidh an Ghlao ar léiriú spéise chomh maith leis na ceartúcháin agus na haguisíní atá sa liosta thuas. Tá roinnt athruithe nua sa leagan seo chomh maith arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar fheidhmiú phróisis roghnúcháin CAST Buan.

## 1. PRÓIFÍLÍ AGUS GRÚPAÍ FEIDHME A CHUMHDAÍTEAR LEIS AN NGLAO SEO ATÁ CUMHDAITHE AG AN NGLAO SEO

(1) Baineann an glao seo ar léiriú spéise leis na próifílí agus na grúpaí feidhme seo a leanas:

| Bainneann | Tagairt | Próifíl | Grúpa Feidhme |
|---|---|---|---|
| 1 | EPSO/CAST/P/1/2017 | Airgeadas | Grúpa Feidhme III |
| 2 | EPSO/CAST/P/2/2017 | Airgeadas | Grúpa Feidhme IV |
| 3 | EPSO/CAST/P/3/2017 | Bainistiú clár agus tionscadal | Grúpa Feidhme III |
| 4 | EPSO/CAST/P/4/2017 | Bainistiú clár agus tionscadal | Grúpa Feidhme IV |
| 5 | EPSO/CAST/P/5/2017 | Airgeadas | Grúpa Feidhme II |
| 6 | EPSO/CAST/P/6/2017 | Rúnaithe / Cléirigh | Grúpa Feidhme II |
| 7 | EPSO/CAST/P/7/2017 | Acmhainní daonna / Riarachán | Grúpa Feidhme II |
| 8 | EPSO/CAST/P/8/2017 | Acmhainní daonna / Riarachán | Grúpa Feidhme III |
| 9 | EPSO/CAST/P/9/2017 | Acmhainní daonna / Riarachán | Grúpa Feidhme IV |
| 10 | EPSO/CAST/P/10/2017 | Cumarsáid | Grúpa Feidhme III |
| 11 | EPSO/CAST/P/11/2017 | Cumarsáid | Grúpa Feidhme IV |
| 12 | EPSO/CAST/P/12/2017 | Gnóthaí polaitíochta / Beartais an Aontais Eorpaigh | Grúpa Feidhme III |
| 13 | EPSO/CAST/P/13/2017 | Gnóthaí polaitíochta / Beartais an Aontais Eorpaigh | Grúpa Feidhme IV |
| 14 | EPSO/CAST/P/14/2017 | Dlí | Grúpa Feidhme III |
| 15 | EPSO/CAST/P/15/2017 | Dlí | Grúpa Feidhme IV |
| 16 | EPSO/CAST/P/16/2017 | Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | Grúpa Feidhme III |
| 17 | EPSO/CAST/P/17/2017 | Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | Grúpa Feidhme IV |
| 18 | EPSO/CAST/P/18/2017 | Oibrithe tacaíochta láimhe agus riaracháin | Grúpa Feidhme I |
| 19 | EPSO/CAST/P/19/2018 | Baill foirne cúraim leanaí | Grúpa Feidhme II |
| 20 | EPSO/CAST/P/20/2018 | Síceolaithe Oideachais | Grúpa Feidhme IV |
| 21 | EPSO/CAST/P/21/2019 | Profléitheoirí | Grúpa Feidhme III |
| 22 | EPSO/CAST/P/22/2019 | Aistritheoirí | Grúpa Feidhme IV |
| 23 | EPSO/CAST/P/23/2022 | Bainistiú Foirgneamh – Gníomhaire Lóistíochta agus Teicniúil | Grúpa Feidhme II |
| 24 | EPSO/CAST/P/24/2022 | Bainistiú Foirgneamh – Speisialtóir Foirgneamh | Grúpa Feidhme III |
| 25 | EPSO/CAST/P/25/2022 | Bainistiú Foirgneamh - Innealtóir / Ailtire | Grúpa Feidhme IV |

(2) Féach Iarscríbhinn I chun eolas a fháil faoi na dualgais is dócha a bheidh le déanamh ag iarrthóir a earcófar.

(3) Is féidir go gcuirfidh EPSO próifílí nua leis an nglao ar léiriú spéise de réir mar is gá trí é a leasú.

## 2. FORÁLACHA BUNÚSACHA

(1) Is glao ar léiriú spéise é seo chun painéal iarrthóirí a chruthú as a bhféadfaidh institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh (AE), dá ngairtear 'na seirbhísí earcaíochta' anseo feasta, gníomhairí ar conradh a earcú.

(2) Is iad an glao seo ar léiriú spéise agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis creat dlí ceangailteach na bpróiseas roghnúcháin CAST Buan seo.

(3) Féadfaidh na hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ar phróifíl amháin nó níos mó, agus / nó ar ghrúpa feidhme amháin nó níos mó, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha incháilitheachta.

(4) Is féidir le hiarrthóirí dul i dteagmháil le EPSO tríd an bhfoirm theagmhála ar líne atá ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO. Iarrtar ar iarrthóirí féachaint ar an roinn 'ceisteanna coitianta' ar shuíomh gréasáin EPSO roimh dhul i dteagmháil le EPSO dóibh.

(5) Gach áit a ndéantar tagairt do dhaoine d'inscne ar leith faoi chuimsiú na bpróiseas roghnúcháin seo, glactar leis gur ag tagairt do dhaoine d'aon inscne eile atáthar freisin.

(6) Cuireann cuid mhór iarrthóirí ardcháilithe isteach ar na glaonna ar léiriú spéise do ghníomhairí ar conradh. Is beag an líon iarrthóirí a bheidh cláraithe sa bhunachar sonraí a thástálfar, a chuirfear faoi scrúdú, a chuirfear faoi agallamh agus a dtairgfear post dóibh.

## 3. NA COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA

(1) Is féidir le gach saoránach den Aontas Eorpach a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta **ginearálta** chomh maith leis na h**íoscháilíochtaí incháilitheachta sonracha** páirt a ghlacadh i bpróisis roghnúcháin CAST Buan.

(2) Ní mór d'iarrthóirí na coinníollacha sin a chomhlíonadh tráth a bhailíochtóidh siad a n-iarratas agus ní mór dóibh leanúint de na coinníollacha sin a chomhlíonadh ar feadh na bpróiseas roghnúcháin agus earcaíochta. Is ionann an t-iarratas ar líne a bhailíochtú i gcás na n-iarrthóirí agus a dhearbhú ar a bhfocal agus ar a bhfírinne go gcomhlíonann siad na coinníollacha sin.

(3) Ar bhonn na n-íoschoinníollacha sonracha dá dtagraítear sa roinn seo, déanfaidh na seirbhísí earcaíochta critéir incháilitheachta shonracha agus / nó roghnúcháin a shainiú i gcomhréir lena riachtanais agus leis na folúntais. Déanfaidh na seirbhísí earcaíochta measúnú ar incháilitheacht na n-iarrthóirí ar bhonn na faisnéise a chuirfear ar fáil san fhoirm iarratais agus ar bhonn na ndoiciméad tacaíochta.

(4) Cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas faoin tráth nach mór dóibh doiciméid a sholáthar a thacaíonn leis na dearbhuithe a rinne siad ina bhfoirm iarratais. Déanfaidh na seirbhísí earcaíochta amach cé na doiciméid is inghlactha.

### 3.1. Coinníollacha ginearálta

Ní mór don iarrthóir:

(a) a chearta mar shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach a theachtadh;

(b) aon oibleagáid i dtaca le seirbhís mhíleata atá air de réir an dlí náisiúnta a bheith comhlíonta aige;

(c) na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh.

## 3.2. Íoschoinníollacha sonracha — teangacha

(1) Ní mór an dá rud seo a leanas a bheith ag iarrthóir sna próisis roghnúcháin seo:

(a) eolas cuimsitheach (íosleibhéal C1) ar cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais (gairfear 'teanga 1' den teanga sin anseo feasta).

(b) eolas sásúil (íosleibhéal B2) ar an mBéarla, ar an bhFraincis nó ar an nGearmáinis (gairfear 'teanga 2' den teanga sin anseo feasta). An teanga a roghnófar mar theanga 1, ní féidir í a roghnú mar theanga 2 freisin.

(2) Tá tuilleadh eolais in IARSCRÍBHINN II ar na ceanglais sin.

(3) Ní mór na híosleibhéil thuasluaite a bheith agat i dtaca le gach inniúlacht teanga (labhairt, scríobh, léamh agus éisteacht) atá iarrtha san fhoirm iarratais. Tá na hinniúlachtaí sin leagtha amach i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

(4) Tá tuilleadh eolais i roinn 4.2 ar úsáid teangacha sna próisis roghnúcháin seo.

## 3.3. Íoschoinníollacha sonracha – cáilíochtaí agus taithí oibre

(1) Is é an t-íosleibhéal oideachais is gá i gcás Ghrúpa Feidhme I an t-oideachas éigeantach críochnaithe go rathúil.

(2) I gcás Ghrúpaí Feidhme II agus III, tá an t-íosleibhéal oideachais is gá sainithe mar seo a leanas:

(a) leibhéal oideachais iar-mheánscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr; nó

(b) leibhéal oideachais meánscoile, ar baineadh dioplóma amach dá bharr lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile, agus 3 bliana ar a laghad de thaithí oibre iomchuí; nó

(c) i gcás ina mbeidh údar maith leis, ar mhaithe leis an tseirbhís, oiliúint ghairmiúil nó taithí oibre ar a chothrom de leibhéal.

(3) I gcás Ghrúpaí Feidhme IV, tá an t-íosleibhéal oideachais is gá sainithe mar seo a leanas:

(a) leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile, 3 bliana ar a laghad, agus ar baineadh dioplóma amach dá bharr; nó

(b) i gcás ina mbeidh údar maith leis, ar mhaithe leis an tseirbhís, oiliúint ghairmiúil ar a chothrom de leibhéal.

## 4. PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

### 4.1. Forléargas ar na próisis roghnúcháin

Eagrófar na próisis roghnúcháin sna céimeanna seo a leanas:

(a) Na hiarrthóirí iarratas a dhéanamh

(b) Na seirbhísí earcaíochta réamhroghnú (gearrliosta) a dhéanamh

(c) Trialacha roghnúcháin a eagraíonn EPSO

(d) Agallaimh agus / nó trialacha earcaíochta a eagraíonn na seirbhísí earcaíochta

### 4.2. Úsáid teangacha sna próisis roghnúcháin seo

(1) Féadfaidh na hiarrthóirí an fhoirm iarratais a líonadh isteach in aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Os a choinne sin, is é moladh EPSO an fhoirm a líonadh sa Bhéarla, sa Fhraincis nó sa Ghearmáinis. Má dhéantar sin ní gá aistriúcháin a dhéanamh agus is fusa iarrthóirí oiriúnacha a chuardach agus buanna iarrthóirí a chur i gcomparáid le chéile.

(2) Déanfaidh na hiarrthóirí na trialacha roghnúcháin a eagraíonn EPSO sa teanga a roghnaigh siad mar theanga 1.

(3) Is féidir go dtástálfaidh na seirbhísí earcaíochta teanga 2 agus teangacha ábhartha eile le linn agallamh agus / nó trialacha eile a eagróidh siad. Cuirfidh na seirbhísí earcaíochta na hiarrthóirí ar an eolas faoi na teangacha atá le húsáid sna hagallaimh earcaíochta agus / nó sna trialacha earcaíochta (féach roinn 4.6 chomh maith).

(4) Sa chumarsáid idir na hiarrthóirí agus EPSO, beidh an méid seo a leanas i bhfeidhm:

(a) Is i dteanga 2 an iarrthóra a bheidh na cuirí chun trialacha agus torthaí na trialacha.

(b) I gcás saincheisteanna agus ábhair imní a bhfuil tagairt dóibh i roinn 8, moltar do na hiarrthóirí a n-iarrataí agus a ngearán a chuir isteach chuig EPSO **i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis** sa chaoi gur féidir le EPSO iad a fhreagairt níos luaithe. Ós rud é gur gá gearáin faoi cheisteanna na trialacha réasúnaíochta (roinn 8.2) a phróiseáil a luaithe agus is féidir, freagróidh EPSO na gearáin sin i dteanga 2 an iarrthóra lena mbaineann.

(c) Is féidir aon cheist eile ar EPSO (tríd an bhfoirm theagmhála ar líne) in aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais. Freagróidh EPSO i gceann de na teangacha ar léirigh an t-iarrthóir go raibh sé toilteanach freagra a fháil inti.

### 4.3. An t-iarratas a dhéanamh

(1) Is glao ar léiriú spéise gan foirceann é seo **nach bhfuil aon sprioc-am le hiarratais a dhéanamh ag dul leis** mura bhfuil a mhalairt sonraithe ar shuíomh gréasáin EPSO.. Féadfaidh na hiarrthóirí iarratas a dhéanamh tráth ar bith ar aon cheann de na grúpaí próifíle nó feidhme a bhfuil siad incháilithe dó. Is féidir

an t-iarratas/na hiarratais a athoscailt, a athrú agus a bhailíochtú tráth ar bith.

(2) Chun iarratas a dhéanamh ní mór cuntas EPSO a bheith ag iarrthóir. Iarrthóirí nach bhfuil cuntas EPSO acu fós, beidh orthu cuntas a chruthú. Tá treoracha maidir le cuntas EPSO a chruthú ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO.

(3) Ní fhéadfar ach aon chuntas EPSO pearsanta amháin a chruthú i gcás na n-iarratas uile - ar chomórtais agus ar na próisis roghnúcháin uile - próisis roghnúcháin CAST Buan san áireamh. Is féidir go ndícháileofar iarrthóir go sealadach má chruthaíonn sé níos mó ná cuntas EPSO amháin (féach roinn 7).

(4) Ní mór do na hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ar líne trí shuíomh gréasáin EPSO.

(5) Moltar do na hiarrthóirí a oiread sonraí ábhartha agus is féidir maidir lena gcáilíochtaí agus a dtaithí a chur isteach san iarratas.

(6) Ní mór do na hiarrthóirí ar phróifílí teangeolaithe a sprioctheanga a roghnú mar theanga 1. Mar shampla, ní mór d'aistritheoirí go Gearmáinis nó profléitheoirí na teanga sin an Ghearmáinis a roghnú mar theanga 1.

(7) Iarrtar ar iarrthóirí atá ag déanamh iarratas ar phróifílí sa réimse 'Bainistiú foirgneamh' (EPSO/CAST/P/23/2022, EPSO/CAST/P/24/2022 agus EPSO/CAST/P/25/2022) na cóid theicniúla a bhfuil liosta díobh in IARSCRÍBHINN III a úsáid chun tagairt do speisialtóireachtaí agus chun aird a tharraingt ar a scileanna. Is féidir na cóid sin a úsáid sna clibeanna iarratais 'Oideachas agus Oiliúint' agus 'Taithí Oibre'.

(8) Chun a léiriú go bhfuil spéis acu fós sa phróiseas roghnúcháin i gceist, ní mór dóibh **a n-iarratas a thabhairt cothrom le dáta gach 6 mhí ar a laghad**. Is féidir leis na hiarrthóirí a léiriú go bhfuil spéis acu fós sa phróiseas tríd an iarratas a mhionathrú, nó díreach trína dheimhniú go bhfuil spéis acu ann. Beidh dáta nua bailíochta ann a luaithe a bheidh an oibríocht sin críochnaithe.

(9) Mura léireoidh iarrthóir go bhfuil spéis aige sa phróiseas fós ní bheidh a gcuid mionsonraí le feiceáil ag na seirbhísí earcaíochta a thuilleadh. Beidh sonraí an iarrthóra fós sa chóras, áfach, agus féadfaidh siad iad a thabhairt cothrom le dáta agus iad a athnuachan tráth ar bith.

### 4.4. Na seirbhísí earcaíochta réamhroghnú (gearrliosta) a dhéanamh

(1) De réir mar is gá, cuardaíonn na seirbhísí earcaíochta liosta na n-iarratas agus déanann siad gearrliosta de líon áirithe de na hiarrthóirí is fearr a oireann dá riachtanais, de réir an eolais atá tugtha ina n-iarratas.

(2) Is féidir go réamhroghnóidh seirbhísí earcaíochta éagsúla iarrthóirí le haghaidh na haon phróifíle agus agus / nó an aon ghrúpa feidhme amháin nó le haghaidh próifílí agus/nó grúpaí feidhme éagsúla.

### 4.5. Trialacha roghnúcháin a eagraíonn EPSO

(1) Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí ar ghearrliosta na seirbhísí earcaíochta sraith trialacha réasúnaíochta a dhéanamh i bhformáid ceisteanna ilrogha. Déanfaidh na hiarrthóirí na trialacha sin sa teanga a roghnaigh siad mar theanga 1.

(2) Is trí chuntas EPSO an iarrthóra a sheolfar chuige aon chuireadh chun trialacha a eagróidh EPSO, litreacha ina mbeidh torthaí trialacha chomh maith le heolas tábhachtach eile.

(3) Ní mór do na hiarrthóirí féachaint ar a gcuntas EPSO **gach trí lá féilire** ar a laghad. Mura féidir le hiarrthóir sin a dhéanamh de dheasca fabht teicniúil ar thaobh EPSO, ba cheart dó sin a chur in iúl do EPSO láithreach tríd an bhfoirm theagmhála ar líne.

(4) Tá trí thriail réasúnaíochta ann:

(a) Triail réasúnaíochta briathartha chun measúnú a dhéanamh ar a ábalta atá iarrthóirí réasúnú go loighciúil agus faisnéis bhriathartha a thuiscint;

(b) Triail réasúnaíochta uimhriúla chun measúnú a dhéanamh ar a ábalta atá iarrthóirí réasúnú go loighciúil agus faisnéis uimhriúil a thuiscint;

(c) Triail réasúnaíochta teibí chun measúnú a dhéanamh ar a ábalta atá iarrthóirí réasúnú go loighciúil agus an bhaint idir coincheapa a thuiscint.

(5) Sa tábla thíos tá achoimre ar an eolas ar gach cineál trialach.

| Triail | Líon ceisteanna | Fad ama | Pasmharc |
|---|---|---|---|
| Réasúnaíocht bhriathartha | 20 | 35 nóiméad | 10/20 |
| Réasúnaíocht uimhriúil | 10 | 20 nóiméad | An dá cheann le chéile 10/20 |
| Réasúnaíocht theibí | 10 | 10 nóiméad | |

(6) Chun pas a fháil sna trialacha réasúnaíochta, ní mór d'iarrthóir, ar a laghad, an pasmharc a ghnóthú sa réasúnaíocht bhriathartha **agus** sa réasúnaíocht uimhriúil agus teibí le chéile.

(7) Má éiríonn le hiarrthóir, beidh na torthaí bailí go ceann 10 mbliana (ón dáta a foilsíodh na torthaí i gcuntas EPSO an iarrthóra), ó thaobh an ghrúpa feidhme chéanna agus na ngrúpaí feidhme faoina bhun de.

(8) Má theipeann ar iarrthóir, ní fhéadfaidh na seirbhísí earcaíochta cuireadh a thabhairt dó arís chun na dtrialacha réasúnaíochta le haghaidh an ghrúpa feidhme chéanna ná na ngrúpaí feidhme faoina bhun go ceann **6 mhí** (ón dáta a foilsíodh na torthaí i gcuntas EPSO an iarrthóra). Os a choinne sin, le linn na tréimhse sin, féadfar cuireadh a thabhairt don iarrthóir sin na trialacha réasúnaíochta le haghaidh grúpa feidhme níos ísle.

(9) Ní hionann an tréimhse 6 mhí a bheith istigh agus an ceart a bheith ag an iarrthóir na trialacha a dhéanamh arís. Is féidir go dtabharfar an dara cuireadh don iarrthóir na trialacha a dhéanamh, má réamhroghnaíonn na seirbhísí earcaíochta é le haghaidh an fholúntais sin nó folúntas eile, agus sna cásanna sin amháin.

(10) Déanfar modh seachadta na dtástálacha, mar aon leis na sonraí agus na treoracha riachtanacha eile a shonrú sna litreacha ina mbeidh an cuireadh chun na dtrialacha.

(11) Chun na trialacha a dhéanamh, ní mór do na hiarrthóirí coinne a dhéanamh de réir na dtreoracha a gheobhaidh siad ó EPSO. Is gnách go mbíonn rogha ag iarrthóirí idir roinnt dátaí. Bíonn teorainn leis na tréimhsí inar féidir an choinne agus na trialacha a dhéanamh.

(12) Mura ndéana iarrthóir coinne nó mura ndéana sé na trialacha ní bhfaighidh tú an dara cuireadh go huathoibríoch. Os a choinne sin, beidh iarratas an iarrthóra bailí fós ar choinníoll go ndeimhneoidh sé go bhfuil spéis aige san iarratas lena mbaineann nó go dtabharfaidh sé cothrom le dáta é gach 6 mhí ar a laghad. Is féidir go dtabharfar an dara cuireadh don iarrthóir triail a chur in áirithe má réamhroghnaíonn aon seirbhís earcaíochta arís é.

### 4.6. Agallaimh agus / nó trialacha earcaíochta a eagraíonn na seirbhísí earcaíochta

(1) Na hiarrthóirí ar éirigh trialacha réasúnaíochta leo, is féidir go dtabharfar cuireadh chun agallaimh agus chun trialacha eile dóibh a eagróidh na seirbhísí earcaíochta.

(2) Níl aon teorainn leis an líon uaireanta is féidir a gheobhaidh iarrthóirí cuirí ó sheirbhísí earcaíochta éagsúla chuig agallamh (agus / nó tuilleadh trialacha) le haghaidh folúntais sa ghrúpa feidhme inar éirigh na trialacha réasúnaíochta leo nó i ngrúpa feidhme níos ísle, gan fiacha a bheith orthu na trialacha réasúnaíochta a dhéanamh arís.

(3) Is é is aidhm do na hagallaimh / trialacha earcaíochta le haghaidh Ghrúpa Feidhme I, measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá an t-iarrthóir don phost atá i gceist agus is féidir gur trialacha scríofa nó béil, trialacha praiticiúla nó ionsamhlaithe a bheidh iontu. Is féidir go ndéanfar measúnú ar eolas ar theangacha.

(4) Is ar na seirbhísí earcaíochta atá an cúram na hagallaimh / na trialacha sin agus na próisis a bhaineann leo a bhainistiú. Cuirfidh siad na hiarrthóirí ar an eolas faoi phríomhthréithe na n-agallamh / na dtrialacha roimh ré. Seolfaidh na seirbhísí earcaíochta cuirí chuig na hagallaimh / na trialacha agus eolas ábhartha eile chuig an seoladh ríomhphost a bheidh sonraithe i gcuntas EPSO an iarrthóra.

(5) Nuair a thabharfar cuireadh chuig na trialacha earcaíochta dóibh, is féidir go n-iarrfar ar iarrthóirí bunchóipeanna da gcuid doiciméad tacaíochta a thabhairt leo chun a chruthú go bhfuil an t-eolas ina n-iarrata(i)s beacht. Déanfaidh an tseirbhís earcaíochta measúnú féachaint an gcomhlíonann an t-iarrthóir na ceanglais incháilitheachta agus roghnúcháin ábhartha trí chomparáid a dhéanamh idir na dearbhuithe san fhoirm iarratais agus na doiciméid tacaíochta a chuir an t-iarrthóir ar fáil.

## 5. EARCAÍOCHT

(1) Na hiarrthóirí sin ar éirigh na céimeanna leo a bhfuil achoimre orthu i Roinn 4, is féidir go bhfaighidh siad tairiscint fhoirmiúil poist.

(2) Tá coinníollacha oibre baill foirne ar conradh leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus sna Rialacháin Foirne. Beidh na tairiscintí earcaíochta agus na conarthaí a thairgfear do na hiarrthóirí ar éirigh leo faoi réir na rialacha sonracha is infheidhme maidir le seirbhís áirithe earcaíochta chomh maith.

(3) De réir na seirbhíse earcaíochta, is féidir go dtairgfear ceann de na cineálacha conartha seo a leanas don iarrthóir:

- (a) Conradh '3a' (féach Airteagal 3a de CEOS), ar féidir conradh tréimhse neamhiata a theacht as. Is féidir go dtairgfear conarthaí den chineál sin i gCeanncheathrú institiúidí an Aontais Eorpaigh (Grúpa Feidhme I), Oifigí Bonneagair agus Lóistíochta an Choimisiúin sa Bhruiséil agus i Lucsamburg (OIB, OIL), Oifig an Phámháistir Ghinearálta (PMO), an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), an Scoil Riaracháin Eorpach (EUSA), gníomhaireachtaí Eorpacha agus ionadaíochtaí an Choimisiúin sna Ballstáit, toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh ar fud an domhain.

- (b) Conradh '3b' (féach Airteagal 3b de CEOS): conradh ar théarma seasta a mhairfidh 6 bliana ar a mhéad. s féidir go dtairgfear conarthaí den chineál sin i gCeanncheathrú institiúidí an Aontais Eorpaigh, Oifig Frith-Chalaoise na hEorpa (OLAF), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (OP).

(4) Is conarthaí le haghaidh poist sa Bhruiséil agus i Lucsamburg is mó a thairgfear. Is féidir go mbeidh líon beag conarthaí le fáil in áiteanna eile san Aontas Eorpach agus i dtoscaireachtaí agus oifigí an Aontais Eorpaigh ar fud an domhain. Is féidir go mbeidh gníomhairí ar conradh i dtoscaireachtaí agus oifigí de

chuid an Aontais Eorpaigh faoi réir rialacha beartais soghluaisteachta.

(5) Is gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh earcú gníomhaire ar conradh faoi réir ceanglas go bhfaighidh iarrthóir réiteach slándála, nó go mbeidh sin aige cheana féin, réiteach lenar féidir rochtain ar fhaisnéis atá rúnaicmithe ag leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIEL nó os a chionn sin.

## 6. COMHDHEISEANNA AGUS SOCRUITHE RÉASÚNTA

(1) Cuireann EPSO agus na seirbhísí earcaíochta beartas comhdheiseanna i bhfeidhm gan aon idirdhealú a dhéanamh atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, réadmhaoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

(2) Na hiarrthóirí atá faoi mhíchumas nó ar rud é go bhféadfadh an riocht sláinte ina bhfuil siad bac a chur orthu na trialacha a dhéanamh, ba cheart dóibh é sin a lua san fhoirm iarratais agus na céimeanna a leanúint chun socruithe réasúnta a iarraidh. Tá tuilleadh eolais faoi bheartas comhdheiseanna EPSO agus faoi conas socruithe réasúnta a iarraidh ar shuíomh gréasáin EPSO. Chun tuilleadh eolais a fháil nó má bhíonn fadhbanna teicniúla ann, iarrtar ar iarrthóirí dul i dteagmháil le foireann inrochtana EPSO le ríomhphost chuig EPSO-Accessibility@ec.europa.eu.

(3) Tar éis dó iarraidh na n-iarrthóirí agus na doiciméid tacaíochta ábhartha a scrúdú, féadfaidh EPSO socrú réasúnta a thabhairt má mheastar go bhfuil gá leis agus gur tugadh údar cuí leis.

(4) Na hiarrthóirí a gheobhaidh cuireadh chuig agallaimh agus / nó trialacha a eagróidh na seirbhísí earcaíochta, ba cheart dóibh na seirbhísí sin a chur ar an eolas go díreach faoina riachtanais réasúnta socrúcháin. Is í an tseirbhís earcaíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi aon socrú réasúnta, agus déanfaidh sí sin i ndlúthchomhairle leis an iarrthóir.

## 7. DÍCHÁILIÚ AGUS EISIAMH SEALADACH

(1) Má chruthaíonn iarrthóir níos mó ná cuntas EPSO amháin, is féidir go n-eisiafar é go sealadach dá bharr ó na próisis roghnúcháin CAST Buan trína iarratais a shocrú ar an stádas 'níl an t-iarrthóir ar fáil' go ceann bliain amháin.

(2) Lena chois sin, is féidir go ndícháileofar an t-iarrthóir nó go n-eisiafar é go sealadach ón bpróiseas roghnúcháin má chruthaítear ag aon chéim den phróiseas:

(a) go ndearna sé aon dearbhú bréagach nó aon dearbhú gan tacaíocht leis;

(b) go ndearna sé séitéireacht sna trialacha;

(c) gur thug sé iarraidh dul i dteagmháil le ball den bhord roghnúcháin ar dhóigh neamhúdaraithe.

(3) Dlitear ar iarrthóirí ar phost in institiúidí an Aontais Eorpaigh gníomhú go sár-ionraic iontaofa. Is féidir go ngearrfar pionós ar iarrthóirí agus go ndéanfar dochar dá n-incháilitheacht má dhéanann siad calaois nó iarracht ar chalaois.

## 8. ÁBHAIR IMNÍ AGUS LEIGHIS

### 8.1. Fadhbanna teicniúla agus eagraíochtúla

(1) Más amhlaidh ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin go bhfuil siad i ngleic le fadhb thromchúiseach theicniúil nó eagraíochtúil, ba cheart dóibh sin a chur in iúl do EPSO tríd an bhfoirm theagmhála ar líne.

(2) Má thagann an fhadhb chun cinn le linn na tástála cianda, ba cheart don iarrthóir:

(a) na feitheoirí, nó pointe teagmhála / tacaíochta tiomnaithe a chur ar an eolas faoin bhfadhb láithreach bonn ionas gur féidir teacht ar réiteach pras,

(b) a iarraidh ar na feitheoirí an gearán a thaifeadadh i scríbhinn nó é a chur isteach trí phointe teagmhála / tacaíochta tiomnaithe, **agus**

(c) laistigh de **lá féilire amháin** ( (i.e. faoi dheireadh an lae tar éis lá na dtrialacha atá i gceist), dul i dteagmháil le EPSO tríd an bhfoirm theagmhála ar líne agus cur síos gairid ar an bhfadhb a thabhairt dó.

### 8.2. Gearáin maidir le ceisteanna trialach réasúnaíochta

(1) Má mheasann iarrthóirí go bhfuil cúiseanna maithe acu lena chreidiúint gur chuir earráid i gceann amháin nó níos mó de na ceisteanna sna trialacha réasúnaíochta isteach ar a gcumas freagra a thabhairt, féadfaidh siad athbhreithniú a iarraidh ar an gceist / na ceisteanna lena mbaineann.

(2) Is féidir go gcinnfidh EPSO an cheist ina bhfuil an earráid a chur ar ceal agus bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm.

(3) Chun gearáin maidir le ceist / ceisteanna sa triail réasúnaíochta a chur isteach, ba cheart don iarrthóir:

(a) dul i dteagmháil le EPSO tríd an bhfoirm theagmhála ar líne laistigh de **lá féilire amháin** (i.e. faoi dheireadh an lae tar éis lá na trialach atá i gceist),

(b) cur síos chomh cruinn agus is féidir a thabhairt ar an gceist / na ceisteanna lena mbaineann, agus

(c) míniú a thabhairt ar nádúr na hearráide / na n-earráidí a bhfuiltear ag líomhain go raibh sí / siad ann.

(4) Gearáin a chuirfear isteach tar éis an sprioc-ama agus gearáin gan cur síos soiléir ar an gceist / na ceisteanna is ábhar agóide agus / nó ar an earráid / na hearráidí a bhfuiltear ag líomhain go raibh sí / siad ann, ní chuirfear san áireamh iad. Gearáin nach luafar iontu ach saincheisteanna aistriúcháin a bhfuiltear ag líomhain go raibh siad ann, gan an fhadhb a shonrú, ní chuirfear san áireamh iad.

### 8.3. Gearáin riaracháin

(1) Féadfaidh iarrthóir gearán riaracháin a chur isteach faoi Airteagal 117 de CEOS i dteannta Airteagal 90, mír 2, de na Rialacháin Foirne, i gcoinne cinneadh, nó éagmais cinnidh, a dhéanann difear go díreach láithreach dá stádas dlíthiúil mar iarrthóir.

(2) Is féidir an gearán a dhíriú ar éagmais cinnidh i gcás ina bhfuil oibleagáid ann cinneadh a dhéanamh laistigh de sprioc-am atá sonraithe in CEOS.

(3) Is é is cuspóir don nós imeachta um ghearáin riaracháin, a fhíorú ar cloíodh le creat dlíthiúil an phróisis roghnúcháin.

(4) ba cheart an gearán a chur isteach laistigh den sprioc-am atá leagtha amach in Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, i.e. **3 mhí** ón lá tar éis an fhógra maidir leis an gcinneadh a bhfuiltear ag déanamh gearáin faoi nó ón lá ba cheart an cinneadh sin a dhéanamh,. Ba cheart don iarrthóir an cinneadh nó an éagmais cinnidh ar mian leis gearán a dhéanamh faoi a chur in iúl mar aon leis an bhforas ar a bhfuil an gearán á dhéanamh.

(5) Gníomhóidh Stiúrthóir EPSO mar an t-Údarás arna Chumhachtú chun Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích (ÚCCF) de réir bhrí Airteagal 6 de CEOS i leith aon ghearán i gcoinne cinntí nó éagmais cinneadh a mhéid a bhainfidh siad sin leis na céimeanna iarratais agus tástála a d'eagraigh EPSO.

(6) Is é ÚCCF an tseirbhís earcaíochta a dhéanann an réamhroghnú (gearrliosta a thiomsú) ar bhonn shonraí bhunachar sonraí CAST Buan le haghaidh gach céime den phróiseas nach bhfuil sa liosta sa mhír roimhe seo. Déanann gach seirbhís earcaíochta a chinneadh cé hé / cé hiad laistigh dá heagraíocht a fheidhmeoidh cumhachtaí ÚCCF i leith gearáin i gcoinne cinntí nó éagmais cinnidh a mhéid a bhaineann le réamhroghnú (gearrliosta a thiomsú), chomh maith le hagallaimh / trialacha agus próisis earcaíochta.

(7) Chun gearán riaracháin a thabhairt isteach i gcoinne cinneadh a rinne EPSO (nó i gcoinne éagmais cinnidh), ba cheart don iarrthóir dul i dteagmháil le EPSO tríd an bhfoirm iarratais ar líne.

(8) Is féidir gearáin riaracháin i gcoinne cinntí a rinne na seirbhísí earcaíochta (nó i gcoinne éagmais cinnidh) a chur isteach ar cheachtar den dá bhealach seo:

(a) Trí EPSO, de réir mar atá sonraithe sa mhír roimhe seo, nó

(b) Go díreach chuig an tseirbhís earcaíochta i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos ag an tseirbhís sin.

(c) Gearáin riaracháin a gheofar tar éis an sprioc-ama atá leagtha amach in Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, measfar go bhfuil siad do-ghlactha.

### 8.4. Achomhairc bhreithiúnacha

(1) Tá sé de cheart ag iarrthóirí achomharc breithiúnach a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 117 de CEOS, i dteannta Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne.

(2) Más mian leat achomharc breithiúnach a dhéanamh i gcoinne cinntí a rinneadh faoi chuimsiú phróisis roghnúcháin bhuain EPSO, ní mór duit gearán riaracháin a dhéanamh i dtosach.

(3) Tá an t-eolas uile faoi na hachomhairc bhreithiúnacha le fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta.

### 8.5. Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh

(1) Is féidir le gach saoránach agus gach cónaitheoir de chuid an Aontais Eorpaigh gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach maidir le cásanna drochriaracháin.

(2) Gearáin a dhéantar leis an Ombudsman, níl aon éifeacht fionraí acu ar na sprioc-amanna atá leagtha síos chun iarrataí, gearáin ná achomhairc bhreithiúnacha dá dtagraítear sna rialacha seo a chur isteach.

(3) Is féidir an t-eolas uile faoi ghearáin leis an Ombudsman a fháil ar an suíomh gréasáin tiomnaithe.

## 9. FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

Na hiarrthóirí a rinne trialacha a d'eagraigh EPSO roimh Aibreán 2023 agus ar éirigh na trialacha inniúlachtaí ginearálta agus / nó inniúlachta teanga, beidh torthaí na dtrialacha sin ar taispeáint dóibh go dtí deireadh a mbailíochta, mar atá 5 bliana ó cuireadh na torthaí sin in iúl i gcuntas EPSO an iarrthóra.

## IARSCRÍBHINN I. Na príomhdhualgais

### EPSO/CAST/P/1/2017 – AIRGEADAS – Grúpa Feidhme III

1. Tionscnamh agus / nó fíorú airgeadais, tacaíocht airgeadais.
2. Tacaíocht i dtaobh glaonna ar thograí / tairiscintí.
3. Faisnéis airgeadais a bhainistiú.
4. Cuidiú a thabhairt bainistiú cuntasaíochta a dhéanamh.
5. Tacaíocht le haghaidh bainistiú iniúchóireachta.

### EPSO/CAST/P/2/2017 – AIRGEADAS – Grúpa Feidhme IV

1. Pleanáil agus monatóireacht buiséid / airgeadais.
2. Faisnéis agus tuairisciú buiséadach / airgeadais.
3. Comhordú comhairle bhuiséadach / airgeadais.
4. Anailísiú agus tuairisciú buiséadach / airgeadais.
5. Anailísiú agus tacaíocht iniúchóireachta.

### EPSO/CAST/P/3/2017 – BAINISTIÚ TIONSCADAL/CLÁR – Grúpa Feidhme III

1. Bainistiú tionscadal / clár, e.g. pleanáil, monatóireacht, meastóireacht, clabhsúr a chur ar thionscadail, gníomhaíochtaí iarthionscadail.
2. Caiteachas airgeadais.
3. Bainistiú agus meastóireacht cáilíochta.
4. Cumarsáid sheachtrach.

### EPSO/CAST/P/4/2017 – BAINISTIÚ TIONSCADAL/CLÁR – Grúpa Feidhme IV

1. Glaonna ar thograí agus glaonna ar thairiscintí: cur chun cinn, meastóireacht agus caibidlíocht.
2. Bainistiú tionscadal / clár, e.g. pleanáil, monatóireacht, meastóireacht, clabhsúr a chur ar thionscadail, gníomhaíochtaí iarthionscadail.
3. Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach agus craobhscaoileadh faisnéise.
4. Comhordú agus comhairliúchán inmheánach.
5. Ionadaíocht agus comhordú seachtrach.

### EPSO/CAST/P/5/2017 – AIRGEADAS – Grúpa Feidhme II

1. Comhaid airgeadais a ullmhú agus dualgais gníomhaire tionscnaimh a dhéanamh i réimse an airgeadais.
2. Cúnamh cléireachais agus riaracháin a thabhairt maidir le glaonna ar thograí / ar thairiscintí.
3. Cuidiú a thabhairt próiseáil faisnéise airgeadais agus tuairisciú airgeadais a dhéanamh.
4. Cuidiú a thabhairt sna próisis cuntasóireachta.
5. Cuidiú a thabhairt cúraimí iniúchóireachta a dhéanamh, e.g. tacaíocht chléireachais d'iniúchóirí, comhdú.

### EPSO/CAST/P/6/2017 – RÚNAITHE / CLÉIRIGH – Grúpa Feidhme II

1. Obair rúnaíochta a bhaineann le cruinnithe, misin, etc. a eagrú.
2. Doiciméid agus comhfhreagras a chur ar aghaidh agus a rangú, an comhfhreagras a phróiseáil, dialann coinní a choinneáil, cúram a dhéanamh d'inbhosca ríomhphoist ball foirne sinsearach.
3. Cúnamh eagarthóireachta (meamraim, nótaí, miontuairiscí cruinnithe, etc.) a thabhairt.
4. Cuidiú a thabhairt i leith an obair a chomhordú agus a phleanáil.
5. Próiseáil focal a dhéanamh agus doiciméid a thabhairt chun críche (*e.g.* leagan amach leathanach,

formáidiú, táblaí).
6. Obair riaracháin de chineálacha éagsúla a dhéanamh a bhaineann le bainistiú comhad.

## EPSO/CAST/P/7/2017 – RIARACHÁN / ACMHAINNÍ DAONNA – Grúpa Feidhme II

1. Cuidiú a thabhairt comhaid a bhaineann le próisis roghnúcháin agus earcaíochta a láimhseáil: glaonna agus fógraí a fhoilsiú, iarratais a ghlacadh agus a phróiseáil, boird roghnúcháin a eagrú, obair leantach a dhéanamh i leith torthaí obair an phainéil roghnúcháin.
2. Cuidiú a thabhairt i leith tuairisciú tréimhsiúil agus anailísiú sonraí i ndáil le roghnú agus earcú ball foirne a ullmhú.
3. Cuidiú a thabhairt monatóireacht a dhéanamh ar an bplean bunaíochta: monatóireacht a dhéanamh ar fholúntais, dul i gcomhairle leis na seirbhísí ar a bhfuil sé de chúram catagóirí éagsúla foirne a earcú; údarú a iarraidh le fógraí folúntais a fhoilsiú.
4. A bheith páirteach sna cúraimí ullmhúcháin agus san obair leantach i leith gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha ar bhonn tosaíochtaí straitéiseacha a shainaithníonn an lucht bainistíochta.

## EPSO/CAST/P/8/2017 – RIARACHÁN / ACMHAINNÍ DAONNA – Grúpa Feidhme II

1. Cuidiú a thabhairt i leith na feidhmeanna riaracháin agus acmhainní daonna a chur chun feidhme.
2. Cuidiú a thabhairt i leith na comhaid roghnúcháin agus earcaíochta a bhainistiú: fógraí folúntais a dhréachtú, glaonna agus foilseacháin a sheoladh, iarratais a anailísiú agus a dhéanamh amach an bhfuil siad incháilithe, painéil roghnúcháin a eagrú agus obair leantach a dhéanamh i leith thorthaí obair na mbord sin, doiciméid earcaíochta a ullmhú.
3. Cuidiú a thabhairt i leith tuairisciú tréimhsiúil agus anailísiú sonraí i ndáil le hearcú agus roghnú ball foirne a ullmhú agus obair leantach a dhéanamh ina leith.
4. Cuidiú a thabhairt i leith gníomhaíochtaí ardaithe céime agus athrangaithe a ullmhú, a sheoladh agus obair leantach a dhéanamh ina leith.
5. Cuidiú a thabhairt i leith cumarsáid maidir le beartais oiliúna.
6. Cuidiú a thabhairt gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha a cheapadh ar bhonn tosaíochtaí straitéiseacha arna sainaithint ag an lucht bainistíochta

## EPSO/CAST/P/9/2017 – RIARACHÁN / ACMHAINNÍ DAONNA – Grúpa Feidhme IV

1. Cuidiú a thabhairt i leith pleananna bainistíochta a chur ar bun, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh orthu.
2. Comhaid roghnúcháin agus earcaíochta a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu.
3. Nótaí faisnéise agus doiciméid eile a ullmhú a bhaineann le bainistiú acmhainní daonna.
4. Tuairisciú tréimhsiúil agus anailísiú sonraí a chomhordú.
5. Maoirseacht agus fíorú a dhéanamh ar ghealltanais dhlíthiúla agus airgeadais i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme.
6. Cur i láthair a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le hacmhainní daonna.

## EPSO/CAST/P/10/2017 – CUMARSÁID – Grúpa Feidhme III

1. Cuidiú a thabhairt pleananna cumarsáide maidir le tosaíochtaí agus tionscadail cumarsáide a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn.
2. Táirgeadh eagarthóireachta a chinntiú: bileoga eolais a tháirgeadh, láithreáin inlín a thabhairt cothrom le dáta, etc.
3. Cuidiú a thabhairt meirgí, foilseacháin agus ábhair fógraíochta a ullmhú agus a chinntiú go bhfuil cuma gach ceann de na nithe sin ag teacht le chéile.
4. Cuidiú le bainistíocht tionscadal i réimse na cumarsáide.

5. Páirt a ghlacadh in obair leantach i leith tionscadal trí na meáin shóisialta
6. Cuidiú a thabhairt nótaí faisnéise agus doiciméid eile a ullmhú a bhaineann le tosaíochtaí polaitíochta a chur in iúl.
7. Cruinnithe pleanála a eagrú agus obair leantach a dhéanamh orthu, go hinmheánach agus le conraitheoirí seachtracha.

## EPSO/CAST/P/11/2017 – CUMARSÁID – Grúpa Feidhme IV

1. Pleananna cumarsáide a bhunú agus a chur chun feidhme agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh orthu.
2. Nótaí faisnéise agus doiciméid eile a ullmhú a bhaineann le tosaíochtaí polaitíochta a chur in iúl.
3. Maoirseacht agus fíorú a dhéanamh ar ghealltanais dhlíthiúla agus airgeadais i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme.
4. Comhordú agus comhar a chinntiú leis na haonaid / seirbhísí cumarsáide ábhartha maidir le tosaíochtaí polaitiúla.
5. Comhairle a thabhairt do sheirbhísí agus obair a chomhordú in éineacht leo, ar bhonn a straitéisí bliantúla cumarsáide.
6. Cuir i láthair a thabhairt ar phríomhghnéithe na gníomhaíochta tionscadail agus ar thorthaí na dtionscadal agus cuidiú a thabhairt eolas a chraobhscaoileadh laistigh den institiúid agus lasmuigh di.
7. Cruinnithe agus comhdhálacha maidir le tosaíochtaí cumarsáide a eagrú, a ullmhú, a chur ar bun agus a bhainistiú le páirtithe leasmhara laistigh den institiúid agus lasmuigh di.
8. Obair iardain a dhéanamh sna meáin shóisialta i leith tionscadal

## EPSO/CAST/P/12/2017 – GNÓTHAÍ POLAITIÚLA /BEARTAIS AN AONTAIS – Grúpa Feidhme III

1. Cuidiú a thabhairt obair leantach i leith forbairtí beartais agus idirphlé agus comhar a choinneáil ar bun leis na seirbhísí ábhartha.
2. Páirt a ghlacadh i ndréachtú tuarascálacha, seisiún faisnéise agus nótaí óráidí.
3. Rannchuidiú na freagraí ar cheisteanna agus achainíocha ó bhéal nó i scríbhinn arna dtíolacadh ag Feisirí de Pharlaimint na hEorpa.
4. Cuidiú a thabhairt cruinnithe le páirtithe leasmhara a ullmhú agus obair leantach a dhéanamh ina leith, agus conclúidí maidir leis an bpolaitíocht a bhaint amach.
5. Ionadaíocht a dhéanamh don institiúid / don tseirbhís ag imeachtaí agus cruinnithe inmheánacha, idirinstitiúideacha nó seachtracha a bhaineann leis an tseirbhís.

## EPSO/CAST/P/13/2017 – GNÓTHAÍ POLAITIÚLA / BEARTAIS AN AONTAIS – Grúpa Feidhme IV

1. Monatóireacht, anailísiú agus tuairisciú a dhéanamh ar staid pholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta i dtír / réigiún sonrach.
2. Obair iardain a dhéanamh i leith beartais réigiúnacha, sheachtracha agus iltaobhacha i dtír / réigiún sonrach.
3. Cuidiú a thabhairt cuspóirí polaitíochta, tosaíochtaí agus beartais an Aontais Eorpaigh maidir le cúrsaí polaitíochta, eacnamaíocha agus daonnúla nó cúrsaí eile a leagan síos agus a shainiú i gcomhar le Ballstáit, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus deontóirí eile.
4. Cuairteanna agus misin ardleibhéil, cruinnithe *ad hoc*, teagmhálacha le tríú tíortha, leis an tsochaí shibhialta, etc. a chomhordú agus páirt a ghlacadh iontu.
5. Páipéir bheartais, doiciméid straitéiseacha, gníomhartha dlí, óráidí, ráitis agus doiciméid eile a dhréachtú agus obair iardain a dhéanamh ina leith.
6. Freagraí ar cheisteanna ó bhéal nó i scríbhinn agus achainí ó Fheisirí Eorpacha a dhréachtú.
6\. Féachaint chuige go bhfuil gníomhartha agus beartais an Aontais sa tír shonrach comhleanúnach, trí

obair a dhéanamh i leith comhairliúcháin idir seirbhísí maidir le teachtaireachtaí oifigiúla, páipéir bheartais agus doiciméid inmheánacha oibre de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh agus páirt a ghlacadh sna comhairliúcháin sin.

7. Cuidiú a thabhairt ionadaíocht a dhéanamh don institiúid / don tseirbhís ag cruinnithe idirinstitiúideacha agus idirnáisiúnta (e.g. grúpaí comhairliúcháin) a bhaineann leis an réimse a shanntar.
8. Cuidiú a thabhairt idirbheartaíocht maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích.

## EPSO/CAST/P/14/2017 - DLÍ - Grúpa Feidhme III

1. A bheith páirteach i leith staidéir agus taighde ar an dlí náisiúnta, ar dhlí an AE agus ar an dlí idirnáisiúnta.
2. Cuidiú a thabhairt dréacht-tuairimí agus nótaí dlíthiúla a anailísiú agus a ullmhú.
3. Comhaid réamhdhlíthíochta a scrúdú (gearáin, etc.), ráitis seasaimh a ullmhú agus cúraimí eile a bhaineann le himeachtaí cúirte a dhéanamh.
4. Doiciméid a bhaineann le gníomhaíochtaí na hinstitiúide agus comhlachtaí ullmhúcháin agus coistí speisialta a ullmhú.

## EPSO/CAST/P/15/2017 DLÍ - Grúpa Feidhme IV

1. Féachaint chuige go bhfuil deimhneacht dhlíthiúil ann, go bhfuil rialacha agus nósanna imeachta infheidhme agus comhlíonadh na rialacha agus na nósanna imeachta sin ar ardchaighdeán.
2. Cuidiú a thabhairt don institiúid maidir le hionadaíocht a dhéanamh di i ndíospóidí agus i gcásanna atá os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
3. Comhairle agus tuairimí ó bhéal nó i scríbhinn a chur ar fáil maidir le ceisteanna dlí, ceisteanna institiúideacha, agus ceisteanna a bhaineann le nósanna imeachta.
4. Obair choincheapúil, staidéar agus anailís dlí a anailísiú agus a dhréachtú.
5. Freagraí ar iarrataí ón bhfoireann agus ar ghearáin a dhréachtú.

## EPSO/CAST/P/16/2017 TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE - Grúpa Feidhme III

1. Cuidiú a thabhairt córais faisnéise a cheapadh agus anailís a dhéanamh ar phróisis ghnó.
2. Cuidiú a thabhairt bunachair sonraí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.
3. Teangacha ríomhchlárúcháin ar nós JAVA, Visual Basic, Visual C#, Powerbuilder, ASP.NET, C++, ColdFusion, etc. a úsáid.
4. Comhéadain feidhmchlár gréasánbhunaithe a úsáid.
5. Riar na timpeallachta úsáideora a chinntiú (cumraíocht, riarachán agus tacaíocht na gcóras oibriúcháin, uirlisí oifige, printéirí agus acmhainní roinnte eile i dtimpeallacht gréasáin).
6. Cuidiú a thabhairt suíomhanna gréasáin agus leathanaigh HTML, XML agus UML a cheapadh agus a bhainistiú (agus teangacha ríomhchlárúcháin ar nós Java, ASP.NET, PHP, ColdFusion á n-úsáid chuige sin).
7. Freastalaithe gréasáin a riar (ar nós Planet Web Server, Microsoft Internet Information Server, ColdFusion Server, feidhmchláir Oracle BEA, WebLogic, Apache Server, etc.).
8. Gréasáin agus teileachumarsáid a bhainistiú (trí úsáid a bhaint as prótacail agus seirbhísí LAN/WAN (DHCP, DNS, HTTP, HTTPS, SNMP, Active Directory)), teicneolaíochtaí an idirlín a úsáid chun gréasáin inmheánacha a chur chun feidhme nó chun gréasáin a idirnascadh, slándáil gréasán, forbairtí i réimse na dteicneolaíochtaí VPN, córais teileafónaíochta / facs, comhtháthú guta agus sonraí, cumarsáidí móibíleacha, trí shatailít agus gan sreang).
9. Cuidiú a thabhairt tionscadail agus seirbhísí oibriúcháin a eagrú in aon cheann de na réimsí sin, agus obair leantach a dhéanamh in leith.

## EPSO/CAST/P/17/2017 TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE – Grúpa Feidhme IV

1. Tionscadail TFC a chomhordú, a bhainistiú, a cheapadh, a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh orthu.
2. Córais, seirbhísí agus slándáil TF a bhainistiú.
3. Maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar chonarthaí agus ar chaidrimh le ranna cliaint agus soláthróirí.
4. Staidéir straitéiseacha a dhéanamh agus táirgí atá ar an margadh a anailísiú.

## EPSO/CAST/P/18/2017 OIBRITHE TACAÍOCHTA LÁIMHE AGUS RIARACHÁIN – Grúpa Feidhme I

### 1. Cúntóir cistine / cócaire

1.1. Béilí a ullmhú agus a dháileadh faoi na sprioc-amanna i gcomhréir leis na caighdeáin sláinteachais agus cháilíochta.
1.2. Béilí fuara agus béilí teo a ullmhú.
1.3. Stoc folúsphacáilte faoi stóráil chuisnithe nó stóráil thirim nár díoladh a chaitheamh amach agus a dhiúscairt go sábháilte.
1.4. Béilí a dháileadh ar na línte dáileacháin éagsúla sna bialanna féinfhreastail agus *à la carte* in am sa chaoi is fearr is féidir.
1.5. Caighdeáin sláinteachais a chaomhnú sa chaoi nach mbeidh éilliú ann.

### 2. Freastalaí

2.1. Béilí a sholáthar in am i gcomhréir leis na caighdeáin sláinteachais agus cháilíochta
2.2. An seomra in áirithe a ullmhú (na boird a ullmhú agus a ghléasadh).
2.2. Cuntair na seirbhísí lónadóireachta a ullmhú agus a chóiriú.
2.4. béilí agus bia eile a sholáthar, seirbhís chaife a sholáthar.
2.5. Cuidiú a thabhairt na cúraimí éagsúla a dhéanamh a bhaineann le hullmhú béilí chun tacaíocht a thabhairt do na cócairí / don fhoireann chistine.
2.6. Dea-dhálaí sláinteachais a choinneáil ar bun i gcomhréir le prionsabail um Anailísiú Guaiseanna agus Pointí Rialúcháin Criticiúla (HACCP) sa limistéar sin chun nach mbeidh aon bhaol éilithe ann.

### 3. Foireann Stórais

3.1. Cúnamh agus comhairle a thabhairt do chliaint sheachtracha maidir le taiscí ar an láthair.
3.2. Féachaint chuige go ndéantar sonraí a iontráil go beacht.
3.3. Féachaint chuige go leantar mar is ceart na nósanna imeachta maidir le seachadtaí amhrasacha, toirmiscthe nó príobháideacha.
3.4. Cuardaigh a dhéanamh agus earráidí a cheartú.
3.5. Cúraimí a dhéanamh a bhaineann le lastaí measartha trom ar ciotach a dtógáil.
3.6. Staitisticí a bhailiú agus a chur ar fáil.
3.7. Tacaíocht lóistíochta a thabhairt le haghaidh imeachtaí.
3.8. Obair chothabhála a dhéanamh: trealamh is gá le haghaidh taispeántas go ginearálta agus / nó taispeántais saothar ealaíne agus trealamh tacaíochta agus ábhair a bhaineann leo a chur le chéile, a bhaint as a chéile agus a aistriú.
3.9. Earraí a ghlacadh agus taifead a choinneáil díobh, agus iad a chur amach; luchtú agus a díluchtú a dhéanamh le feithiclí.
3.10. Tacaíocht theicniúil áitiúil a thabhairt chun obair a dhéanamh lena mbaineann suiteáil trealaimh agus tacaíocht theicniúil áitiúil a thabhairt d'úsáideoirí córas sábháilteachta ginearálta éagsúla.
3.11. Orduithe a bhainistiú agus glacadh earraí a phleanáil (na hearraí seachadta a fháil agus fíor a dhéanamh orthu); troscán a luchtú, a díluchtú, a phacáil, a dhíphacáil, a chur le chéile agus a chur isteach.

3.12. Cúraimí riaracháin éagsúla a dhéanamh a bhaineann le réimse oibre an phoist.

## 4. Foireann phriontála

4.1. Obair chasta ghrianchumtha a dhéanamh i dteangacha oifigiúla an Aontais.
4.2. Cuidiú a thabhairt téacsanna agus táblaí a ullmhú le socruithe íomhá / pláta.
4.3. Cuidiú a thabhairt i leith dearadh grafach.
4.4. Céadphriontaí agus / nó bunchóipeanna a ullmhú le haghaidh printéirí ardfheidhmíochta.
4.5. Cuidiú a thabhairt an chothabháil laethúil a dhéanamh ar threalamh priontála agus téacsanna ar dhioscaí crua a bhainistiú.
4.6. Cuidiú a thabhairt bogearraí a chruthú agus a nuashonrú lena ndéantar leaganacha amach agus lena dtarchuirtear téacsanna go leictreonach.
4.7. Plátaí seachphriontála a chur le chéile agus a ullmhú.
4.8. Doiciméid a phriontáil agus a ullmhú, go háirithe doiciméid a sheachphriontáiltear agus doiciméid ar a bhfuil formáid bheag nó mheánmhéide.
4.9. Doiciméid iomlána a ullmhú, an cur le chéile, an stápláil agus an ceangal san áireamh.
4.10. Innill phriontála a ullmhú le haghaidh priontála.
4.11. Gnáth-oibríochtaí laethúla rialta a dhéanamh a bhaineann le hábhar priontáilte a láimhseáil agus a iompar, le printéirí a ghlanadh, etc.
4.12. Cigireacht agus rialú rialta a dhéanamh ar chothabháil trealaimh theicniúil.
4.13. Monatóireacht a dhéanamh ar phleanáil oibre.

## 5. Teachtaire urláir / freastalaí seomra cruinnithe / foireann tacaíochta oifige / bainistiú doiciméad

5.1. Fáilte a chur roimh chuairteoirí, iad a threorú agus iad a chur in aithne.
5.2. Doiciméid oifigiúla, post agus ábhair le haghaidh cruinnithe a láimhseáil agus a dháileadh.
5.3. Páirt a ghlacadh san ullmhúchán le haghaidh cruinnithe oifigiúla agus in ullmhú seomraí cruinnithe, ullmhú pleananna seomra, ainmphlátaí ainm agus cláir oibre san áireamh.
5.4. A bheith i láthair agus cuidiú a thabhairt le linn cruinnithe, cuidiú a thabhairt glaonna fóin agus vótáil a dhéanamh san áireamh.
5.5. Dearbhuithe costas taistil / lóistín a láimhseáil.
5.6. Taisceadáin / racaí stórála a bhainistiú, dáileadh eochracha san áireamh, más gá.
5.7. Eolas agus cuidiú a thabhairt i leith úsáid seomraí cruinnithe.
5.8. Cúnamh a thabhairt clár na gcruinnithe a nuashonrú agus taifid staidrimh gníomhaíochtaí bliantúla, míosúla agus de shaghsanna eile a ullmhú.
5.9. Sreabha oibre chun doiciméid a phriontáil ar phrintéirí ardhfheidhmíochta a ullmhú agus a rialú.
5.10. Doiciméid a tháirgeadh ar phrintéirí ardfheidhmíochta.
5.11. Bunchóipeanna páipéir a scanadh agus iad a ullmhú chun a bpriontála.
5.12. Doiciméid a aircíviú go leictreonach..
5.13. Doiciméid éagsúla a chumasc go leictreonach roimh a bpriontáil.
5.14. Ábhar priontáilte a láimhseáil agus a iompar.
5.15. Gnáthghlanadh an innealra priontála a dhéanamh.
5.16. Seoladh doiciméad a ullmhú ar bhonn critéir réamhshocraithe.
5.17. Seoltaí a ullmhú agus a phriontáil ar lipéid go leictreonach, nuashonruithe na mbunachar sonraí san áireamh.
5.18. Doiciméid agus litreacha a sheoladh, modhanna ríomhphoist agus ilseolta san áireamh.
5.19. Aon chúraimí eile a dhéanamh lena mbaineann foilsiú, atáirgeadh, dáileadh agus aircíviú doiciméad le hinnealra táirgthe.
5.20. Doiciméid a chomhdú, a chlárú agus a stóráil.
5.21. Comhaid a ullmhú le haghaidh cruinnithe.
5.22. Post a sheoladh, a ghlacadh agus a chlárú, lastais chuiréara phríobháideacha agus málaí taidhleoireachta

san áireamh.

5.23. Post a dháileadh go hinmheánach.

## 6. Bainistiú foirgneamh – baill foirne tacaíochta teicniúla agus riaracháin

6.1. Cuidiú a thabhairt conarthaí fochonraitheoirí a chur chun feidhme i réimsí teicniúla (obair chríochnúcháin, glais agus fearais dorais, glanadh, bainistiú dramhaíola, innealtóireacht leictreach).

6.2. Monatóireacht agus seiceáil a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus ionchur sonraí a bhaineann leo agus tuarascálacha staidrimh simplí a dhréachtú.

6.3. Monatóireacht ar bhainistiú stoc ábhar.

6.4. Caidreamh a choinneáil ar bun leis na seirbhísí úsáideoirí / cliant.

6.5. Cuidiú a thabhairt obair a chomhordú i bhfoirgnimh éagsúla.

6.6. Cuidiú a thabhairt monatóireacht a dhéanamh ar bhail foirgneamh (iarrataí ar obair mar fhreagra ar mhífheidhmeanna, monatóireacht ar obair shuiteála oifige, etc.).

6.7. Cúraimí láimhe éagsúla a dhéanamh a bhaineann le trealamh a shuiteáil san oifig.

6.8. Fabhtcheartú a dhéanamh agus cúnamh teicniúil a thabhairt.

6.9. Gnáth-mhionobair chothabhála a bhainistiú (boird, racaí cótaí a chur suas, etc.).

6.10. Eochracha réadmhaoine agus troscáin oifige a bhainistiú.

6.11. Cuidiú a thabhairt fardail réadmhaoine a bhainistiú agus nuashonrú a dhéanamh ar phleananna teicniúla le haghaidh foirgnimh atá in úsáid.

## 7. Tiománaithe

7.1. Daoine mór le rá agus oifigigh nó baill foirne eile de chuid institiúidí an Aontais a thiomáint, sa Bhruiséil, i Lucsamburg agus in Strasbourg go príomha, agus i mBallstáit eile den Aontas agus i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad chomh maith.

7.2. Cuairteoirí a bhaineann leis an bhfoireann taidhleoireachta agus daoine mór le rá a thiomáint.

7.3. Earraí / doiciméid a iompar.

7.4. Post a iompar.

7.5. An fheithicil a úsáid mar is ceart, ó thaobh cothabhála agus uirlisí teicneolaíochta na feithicle go háirithe.

7.6. Deimhin a dhéanamh de go bhfuil na daoine agus na hearraí sábháilte le linn a n-iompair, i gcomhréir le Rialacha Bóthair na tíre.

7.7. Luchtú agus díluchtú feithiclí a chinntiú.

7.8. Obair riaracháin a dhéanamh nó tacaíocht lóistíochta a thabhairt, nuair is gá.

## 8. Lucht aistrithe

8.1. Tacaíocht a thabhairt baill foirne a athshuí agus iad a chur ar bun in oifigí / ionaid nua.

8.2. Maoirsiú a dhéanamh ar bhainistiú dramhaíola agus athchúrsáil troscáin agus trealaimh oifige chaite.

8.3. Cuidiú a thabhairt troscán agus trealamh a aistriú nuair is gá le haghaidh imeachtaí a eagraíonn institiúidí an Aontais.

## 9. Uiséirí parlaiminte agus uiséirí d'institiúidí eile

### 9.1. Seomra na Parlaiminte agus seomraí cruinnithe

(a) Cúnamh praiticiúil a chur ar fáil d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa.

(b) Fáilte a chur roimh rannpháirtithe i gcruinnithe agus iad a thionlacan.

(c) Doiciméid sna teangacha uile a dháileadh.

(d) Ainmphlátaí deisce a leagan amach.

(e) Monatóireacht ar shíniú isteach ag Feisirí de Pharlaimint na hEorpa.

(f) Na liostaí tinrimh a bhainistiú.
(g) Slándáil a chinntiú agus, ar iarratas ón Uachtarán, idirghabháil a dhéanamh chun ord a choinneáil ar bun.
(h) Rochtain ar sheomraí éagsúla a rialú.

### 9.2. Cúraimí prótacail agus ócáidí oifigiúla

(a) fáilte a chur roimh chuairteoirí mór le rá agus iad a thionlacan.
(b) Bratacha a leagan amach.
(c) Cordúin phrótacail a chur suas.
(d) Dul i ngarda gradaim nuair a bhíonn cuairteanna oifigiúla ar siúl.

### 9.3. Cúraimí eile

(a) Post a dháileadh, a bhailiú agus a iompar le tralaí.
(b) Doiciméid a thógáil amach as cáis phacála, tralaithe agus cófraí.
(c) Fáilte a chur roimh ghrúpaí cuairteoirí, iad a thionlacan agus iad a dhíriú ar na suíocháin atá sannta dóibh sna háiléir agus sna seomraí; ord a choinneáil; féachaint chuige go leantar aon treoracha speisialta.
(d) A bheith i bhfeighil seomraí cótaí do ghrúpaí cuairteoirí.
(e) Cúraimí riaracháin a dhéanamh (clárú poist, comhdú, ríomhphoist, bunphróiseáil focal, inlíon, etc.).
(f) Eolas a thabhairt do chuairteoirí, do bhaill foirne agus do dhaoine eile.
(g) Cuidiú a thabhairt don tseirbhís coiscthe dóiteáin.

## 10. Oifigigh slándála agus coiscthe

10.1. Rochtain daoine agus earraí a scagadh agus a rialú le scanóirí agus geataí braite.
10.2. Cásanna sonracha a láimhseáil go pras éifeachtach, trí Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, buanbhaill foirne, soláthraithe seirbhísí agus cuairteoirí a aithint ar a gcuma, nuair is gá.
10.3. Dul ar phatról slándála laistigh d'fhoirgnimh institiúidí an Aontais.
10.4. Seiceálacha slándála a dhéanamh ar phost, beartáin agus seachadtaí.
10.5. Idirghabháil a dhéanamh i gcás éigeandáil dóiteáin agus / nó baol dóiteáin i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna leagan síos ag na seirbhísí a bhfuil an cúram sin orthu agus na buntreoracha maidir le cosc dóiteáin agus múchadh dóiteáin a leanúint.
10.6. Garchabhair a thabhairt don té a bhfuil sí de dhíth air.
10.7. Cúraimí riaracháin éagsúla a dhéanamh (tuarascálacha a scríobh, comhdú, próiseáil focal, staidreamh agus comhaid a ionchódú, a aircíviú agus a nuashonrú).

## 11. Fáilteoir

11.1. Fáilte a chur roimh dhaoine agus a dhéanamh amach cad atá siad a iarraidh.
11.2. Eolas agus treoracha a thabhairt agus daoine a thionlacan go dtí an duine teagmhála, an roinn nó an áit atá siad a lorg a fháil.
11.3. Fáilte a chur roimh chuairteoirí ardchéime agus a chinntiú go rachaidh na cuairteanna ar aghaidh go réidh de réir an chláir ama.
11.4. Glaonna isteach agus amach a láimhseáil le lasc-chlár.
11.5. Seomraí cruinnithe a ullmhú do gach cineál cruinnithe agus imeachta.
11.6. Ríomhshonraí a chuardach, a iontráil nó a nuashonrú.
11.7. Doiciméid a bhainistiú.

Is féidir go mbeidh ar na fáilteoirí ar conradh a dó nó a trí de shealanna a dhéanamh as a chéile agus, más gá, a bheith ag obair san oíche agus / nó ag an deireadh seachtaine.

## 12. Riarthóir

12.1. Glacadh le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ar a mbealach isteach agus a n-iarrataí láithreacha ar iompar a láimhseáil.
12.2. Turais a dháileadh ar na tiománaithe trí bhealaí taistil a chur le chéile / a chumasc a mhéid is féidir.
12.3. Turais a bhainistiú go héifeachtach chun go mbeidh sceideal oibre cothrom le haghaidh na tiománaithe (obair / sosanna).
12.4. Cuidiú agus comhairle a thabhairt maidir leis an mbealach is ceart a ghabháil nuair a bhíonn amhras ann faoi sin.
12.5. A bheith ina phointe teagmhála idir tiománaithe agus comhordú a chur ar fáil le linn bealaigh.
12.6. Féachaint chuige go ndéantar cigireacht theicniúil agus cothabháil rialta ar na gluaisteáin.

## 13. Teicneoirí córas cumarsáide agus faisnéise / Gníomhairí cáblúcháin

13.1. A bheith ar an gcéad duine teagmhála ag úsáideoirí trí chúnamh agus comhairle a thabhairt chun a gcuid fadhbanna ríomhaireachta a réiteach.
13.2. Diagnóis bheacht a dhéanamh agus réitigh theicniúla oiriúnacha a aimsiú.
13.3. Comhairle a thabhairt d'úsáideoirí agus oiliúint a chur orthu maidir leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as uirlisí ríomhaireachta.
13.4. An t-infreastruchtúr ríomhaireachta agus infreastruchtúr na gcáblaí closamhairc sna foirgnimh a chothabháil (mionathruithe, deisiú, forbairtí).
13.5. An obair agus na cúraimí teicniúla a dhéanamh is gá chun na córais agus na líonraí teileachumarsáide a choinneáil ag obair go réidh.

## EPSO/CAST/P/19/2018 - OIBRITHE CÚRAIM DO LEANAÍ Grúpa - Feidhme II

## 1. Oideachasóirí / feighlithe leanaí i gcomhair saoráidí iarscoile agus saoráidí cúraim leanaí faoin aer (leanaí idir 3.5 agus 14 bliana d'aois)

1.1. Cúram leanaí, gníomhaíochtaí éagsúla a mholadh agus a dhéanamh i gcomhréir leis an gclár oideachais atá leagtha síos.
1.2. Atmaisféar a chothú a bheidh le leas na leanaí agus a chabhróidh leo teacht in inmhe i dtimpeallacht shuaimhneach shábháilte.
1.3. A bheith i bhfeighil na leanaí agus cúnamh a thabhairt dóibh an obair bhaile a fhaigheann siad ón scoil a dhéanamh trí thimpeallacht chuí a chothú.
1.4. Caidreamh cúirtéiseach a bhunú agus a chothabháil leis na tuismitheoirí chun rannpháirtíocht agus forbairt an linbh a chur chun cinn.
1.5. Páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruinnithe chun cláir oideachais na saoráide cúraim leanaí faoin aer a phlé agus a fhaire, agus an rud céanna a dhéanamh i dtaca leis an tsaoráid cúraim leanaí iarscoile, chun dálaí cúraim na leanaí a fheabhsú.
1.6. Páirt a ghlacadh i bhfoireann "aistritheach" na n-oibrithe cúraim leanaí chun leanúnachas sa tseirbhís a chinntiú.

## 2. Múinteoirí naíscoile

2.1. Aire a thabhairt do leanaí atá ag freastal ar an naíscoil agus oideachas a chur orthu i gcomhréir leis an gclár oideachais atá leagtha síos, chun gur féidir leo a scileanna luaile, a n-iompar sóisialta, a n-intleacht agus a gcumas teanga a fhorbairt.
2.2. Atmaisféar a chothú a bheidh le leas na leanaí agus a chabhróidh leo teacht in inmhe i dtimpeallacht shuaimhneach shábháilte.
2.3. Caidreamh cúirtéiseach a bhunú agus a chothabháil leis na tuismitheoirí agus oibriú i gcomhar leo chun

rannpháirtíocht agus forbairt an linbh a chur chun cinn.

2.4. Páirt a ghlacadh i bhfoireann "aistritheach" na n-oibrithe cúraim leanaí chun leanúnachas sa tseirbhís a chinntiú.

2.5. Gníomhaíochtaí éagsúla a mholadh agus a dhéanamh chun scileanna luaile agus forbairt intleachtúil na leanaí a fheabhsú, agus chun clár oideolaíoch an ionaid a chur i bhfeidhm gach lá.

2.6. Na leanaí a thionlacan ar thurais agus aire a thabhairt do shábháilteacht na leanaí.

2.7. An aird a thabhairt do gach leanbh, duine ar dhuine, a theastaíonn uaidh, go háirithe nuair a bhíonn cóngaracht ar leith i gceist (béilí agus cúram pearsanta).

## 3. Altraí péidiatraiceacha / oibrithe cúraim do leanaí ó 0 go 3 bliana d'aois i naíolann

3.1. I naíolanna an Choimisiúin Eorpaigh (sa Bhruiséil, i Lucsamburg nó in Ispra), aire a thabhairt do ghrúpa leanaí idir 0 agus 3 bliana d'aois agus oideachas a chur orthu i gcomhréir leis an gclár oideachais atá ina chreat tagartha ag an bpost chun gur féidir leis na leanaí an fhéiniúlacht a mhúnlú, neamhspleáchas a fhoghlaim agus a gcuid inniúlachtaí féin a fhorbairt.

3.2. Timpeallacht shuaimhneach shábháilte a chothú i gcónaí, a bheidh le leas na leanaí agus a chabhróidh leo teacht in inmhe.

3.3. An aird a thabhairt do gach leanbh, duine ar dhuine a theastaíonn uaidh, go háirithe nuair a bhíonn cóngaracht ar leith i gceist (béilí agus cúram pearsanta).

3.4. Buidéil diúil a ullmhú, más gá, i gcomhréir le rialacha diana sláinteachais agus sábháilteachta.

3.5. Caidreamh cúirtéiseach a bhunú agus a chothabháil leis na tuismitheoirí agus oibriú i gcomhar leo chun rannpháirtíocht agus forbairt an linbh a chur chun cinn.

3.6. A bheith solúbtha ó thaobh obair i bhfoireann de agus, mar chuid de sin, ionadaíocht a dhéanamh más gá. Le linn tréimhsí áirithe, páirt a ghlacadh i bhfoireann "aistritheach" na n-oibrithe cúraim leanaí chun leanúnachas i ngach roinn sna hionaid éagsúla a chinntiú.

## EPSO/CAST/P/20/2018 - SÍCEOLAITHE OIDEACHAIS – Grúpa Feidhme IV

Baineann an phróifíl seo le hobair le leanaí idir 0-14 bliana d'aois. Ag seo samplaí de na príomhdhualgais is féidir a bheidh le déanamh:

1. Saineolas i réimse na síceolaíochta oideachais a chur ar fáil don naíolann agus / nó don ionad iarscoile.
2. Dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar obair na n-altraí naíolainne, na mball foirne naíscoile agus / nó na múinteoirí / oideachasóirí, chun cuidiú leo a gcuid oibre oideachasúla a dhéanamh.
3. Cuidiú a thabhairt oiliúint leanúnach i leith ceisteanna oideachais a chur ar fáil chun gairmiúlacht na foirne oideachais a láidriú.
4. Bainistiú a dhéanamh ar mheasúnú agus cur chun feidhme / feabhsú an phlean oiliúna agus ar eagrúchán gníomhaíochtaí oiliúna a bhaineann le hoideachas.
5. Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt ghinearálta na leanaí agus sin a leanúint, féachaint chuige go gcuirfear na cúinsí is fearr is féidir ar bun maidir le leas na leanaí sa naíolann nó san ionad iarscoile.
6. Na tuismitheoirí a chur ar an eolas, le linn cruinnithe a reáchtálfar chuige sin, faoi ghníomhaíochtaí a gcuid leanaí chun caidreamh muiníne agus comhpháirtíochta a chothú leo.
7. Bearta a dhéanamh chun na cúinsí a fheabhsú agus leas na leanaí a chinntiú.
8. Athruithe ar an eagrú ginearálta a mholadh chun feabhas a chur ar cháilíocht oideolaíoch na hoibre, ar leas na leanaí sa naíolann agus / nó san ionad iarscoile agus ar an tseirbhís do thuismitheoirí.
9. Teagmháil bhuan a choinneáil ar bun, go comhpháirteach nó ar bhonn aonair, leis na haltraí naíolainne, le baill foirne naíscoile agus / nó le múinteoirí / oideachasóirí, chun a chinntiú go mbeidh na baill foirne teagaisc comhsheasmhach le chéile ó thaobh oideachais de.
10. Moltaí a cheapadh agus a mholadh i leith na ngnéithe éagsúla den eagrú ginearálta, lena n-áirítear ábhar a roghnú agus a fháil, chun dea-thionchar a imirt ar cháilíocht bheatha na leanaí agus ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do na tuismitheoirí.

11. Féachaint chuige go gcuirfear chun feidhme mar is ceart an ráiteas misin oideachais.
12. Páirt a ghlacadh, más gá, i mbearta comhordúcháin idir naíolanna agus ionaid iarscoile.

### EPSO/CAST/P/21/2019 PROFLÉITHEOIRÍ – Grúpa Feidhme III

1. Téacsanna a phrofléamh i leith litriú, gramadaí, poncaíochta, formáidiú clóghrafaíochta, téacsanna ab fhéidir a fheabhsú ó thaobh soiléire a aibhsiú agus nótaí a dhéanamh fúthu, agus ceartuithe údar a chur isteach.
2. Profaí a ullmhú agus a sheiceáil i gcomhair a bhfoilsithe i bhformáidí éagsúla agus i meáin éagsúla.
3. téacsanna a ullmhú i bhformáid leictreonach nó ar páipéar ó thaobh an litrithe, na gramadaí agus na comhréire de agus téacsanna a sheiceáil ó thaobh comhsheasmhachta agus aonfhoirmeachta de.
4. Seiceáil a dhéanamh an gcomhlíonann na téacsanna na gnáis agus na rialacha stíle agus an Treoir Stíle Idirinstitiúideach a ghlac institiúidí uile an Aontais.
5. Cáilíocht na hoibre a rinne conraitheoirí seachtracha sa réimse a sheiceáil.
6. Doiciméid na hinstitiúide a ullmhú lena bhfoilsiú agus téacsanna a chur i gcrích ó thaobh na clóghrafaíochta de.
7. Cúraimí teanga éagsúla eile a dhéanamh ar nós monarú ar ábhar leathanaigh suímh gréasáin agus trascríobh.

### EPSO/CAST/P/22/2019 AISTRITHEOIRÍ – Grúpa Feidhme IV

1. Aistriú go 'teanga 1' ó dhá theanga fhoinseacha ar a laghad.
2. Aistriúcháin de chuid féin a léamh agus a cheartú.
3. Aistriúcháin a cheartú a rinne aistritheoirí eile, aistritheoirí san institiúid agus saoraistritheoirí.
4. Taighde a dhéanamh faoi théarmaí agus bunachar sonraí a chruthú / a chothabháil.
5. Cuidiú a thabhairt i leith bearta oiliúna agus forbairt uirlisí TF.
6. Comhairle theanga a thabhairt.
7. Saineolas a roinnt i réimsí a bhaineann le leas na hinstitiúide.
8. Páirt a ghlacadh sa dearbhú cáilíochta agus i gcothabháil sonraí teanga, réimse an inneallaistriúcháin san áireamh.
9. Tionscadail teanga a bhainistiú.
10. Sreabha oibre teanga a bhainistiú.

### EPSO/CAST/P/23/2022 BAINISTIÚ FOIRGNEAMH – GNÍOMHAIRE LÓISTÍOCHTA AGUS TEICNIÚIL - Grúpa Feidhme II

Clúdaíonn an phróifíl seo roinnt speisialtachtaí amhail tacaíocht lóistíochta, comhordú gluaiseachta, bainistiú trealaimh, maoirseacht agus fíorú glantacháin, maoirseacht ar chothabháil theicniúil, gníomhaire deisce cabhrach tógála (seoltóir teicniúil). Ag seo samplaí de na príomhdhualgais is féidir a bheidh le déanamh:

1. Déileáil le hiarrataí ar chúnamh teicniúil, a chinntiú go ndéanfar monatóireacht, pleanáil agus obair leantach ar idirghabhálacha teicniúla.
2. Glanadh: rialú cáilíochta, comhaontú ar leibhéal seirbhíse (KPI), idirghabhálacha a sceidealú, comhaontú faoi mhodheolaíocht agus próiseas glantacháin.
3. Bainistíocht dramhaíola: sonraisc a sheiceáil, fardal dramhaíola bliantúil.
4. Spásanna oifige (oifigí) a leithdháileadh i bhfoirgnimh, trí phleananna a tharraingt suas, cuairteanna ar an láthair a dhéanamh, tograí a tharraingt suas chun spásanna oifige a ath-leithdháileadh, etc.
5. Bainistiú trealaimh (fardal, troscán, soláthairtí).
6. Aistrithe daoine agus a gcuid giuirléidí a chomhordú.
7. Cuidiú a thabhairt i dtaca le bainistiú teicniúil, riaracháin agus bainistiú airgeadais conarthaí seirbhísí a

bhaineann le cothabháil agus / nó le suiteáil.

8. Cuidiú a thabhairt i dtaca le cothabháil theicniúil agus le dea-bhail fhoriomlán na bhfoirgneamh.
9. Cuidiú a thabhairt i dtaca le bainistiú oibríochtúil agus riaracháin na gceadanna comhshaoil, dheimhniúchán comhshaoil agus fuinnimh na bhfoirgneamh, cuidiú a thabhairt i dtaca leis an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil ( EMAS).

## EPSO/CAST/P/24/2022 BAINISTIÚ FOIRGNEAMH – SPEISIALTÓIR TÓGÁLA FOIRGNEAMH - Grúpa Feidhme III

Cumhdaíonn an phróifíl seo roinnt speisialtachtaí amhail na nithe seo a leanas:

- Oibreacha struchtúracha: ailtireacht, dearadh intí, athchóiriú agus bailchríochnú, struchtúr.

- Bainistiú Teicnící Speisialta: gnéithe meicniúla agus ardaitheoirí, hiodrálaic, pluiméireacht.

- Bainistiú tionscadal agus saoráidí: córas bainistithe foirgneamh, tógáil, bainistiú láithreán, forbairt réadmhaoine agus éadálacha, bainistiú saoráidí agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint astu, córas bainistithe cothabhála, dearadh ríomhchuidithe a dtacaítear leis le grafaicí, samhaltú faisnéise foirgneamh a dtacaítear leis le grafaicí.

- Bainistiú fuinnimh agus comhshaoil: leictreachas meánvoltais agus ísealvoltais, sonraí agus dearadh cáblúcháin, téamh-aeráil-aerchóiriú, bainistiú comhshaoil agus fuinnimh i bhfoirgnimh, deimhniúchán comhshaoil agus fuinnimh i bhfoirgnimh, an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS), rialú cáilíochta aeir agus uisce.

- Bainistiú sláinte agus sábháilteachta: infreastruchtúr slándála, infreastruchtúr sábháilteachta dóiteáin, an tsábháilteacht agus an tsláinte a chomhordú, comhairleoireacht faoi cosc.

Ag seo samplaí de na príomhdhualgais is féidir a bheidh ar na speisialtachtaí sin:

1. Dualgais feidhmiúcháin agus mhaoirseachta a bhaineann le cúram agus cothabháil foirgneamh.
2. Dualgais feidhmiúcháin agus mhaoirseachta a bhaineann le tomhaltas fuinnimh agus sreabhán i bhfoirgnimh.
3. Dualgais feidhmiúcháin agus mhaoirseachta a bhaineann le pleananna chun foirgnimh nó córais foirgneamh a fheistiú nó a athfheistiú.
4. Páirt a ghlacadh in ullmhúchán agus eagrúchán nósanna imeachta soláthair phoiblí, sonraíochtaí tionscadail a dhréachtú, creatchonarthaí agus conarthaí sonracha a ullmhú.
5. Straitéisí agus pleananna tionscadal a ullmhú, rialú cáilíochta a eagrú, riosca (a d'fhéadfadh a bheith ann) a shainaithint agus anailísiú a dhéanamh air agus gníomhartha laghdúcháin rioscaí a chur chun feidhme, tuairisc a thabhairt ar stádas an tionscadail, modhnuithe / athruithe a bhainistiú le linn an tionscadail.
6. Obair feidhmiúcháin agus mhaoirseachta i dtaca leis an lóistíocht a bhaineann leis na gníomhaíochtaí thuas.
7. Obair feidhmiúcháin agus mhaoirseachta a chur i gcrích i dtaca le cothabháil feistí agus cothabháil foirgneamh ar an láithreán.
8. Gníomhaíochtaí deartha agus tógála a leanúint a bhaineann le tionscadail le haghaidh foirgnimh nua nó foirgnimh atá ann cheana.
9. Cuidiú a thabhairt do bhainisteoirí treoirthionscadail i dtaca le hábhair a bhaineann le clár tionscadal, le buiséad tionscadal agus le pleanáil ghníomhaíochtaí.
10. Cuidiú a thabhairt i dtaca le cúraimí bunúsacha / athfhillteacha a dhéanamh maidir le glacadh le foirgnimh nua agus / nó le suiteálacha teicniúla nua.
11. Cuidiú a thabhairt do bhainisteoirí treoirthionscadail i dtaca le rialú na dtáirgí insoláthartha (ó chéim thosaigh an deartha go dtí na céimeanna 'tógtha').

12. Cuidiú a thabhairt do bhainisteoirí treoirthionscadail i dtaca le glacadh le foirgnimh nua agus / nó le suiteálacha teicniúla nua.
13. Samhaltú Faisnéise Tógála (BIM) agus Próisis Deartha Ríomhchuidithe (CAD) a bhainistiú agus a chur chun feidhme.
14. Dualgais feidhmiúcháin agus mhaoirseachta i dtaca leis an tsábháilteacht, leis an tsláinte agus leis an gcosc.
15. Obair iardain agus nuashonrú a dhéanamh ar cheadanna comhshaoil, ar chomhlíontacht dhlíthiúil foirgneamh, ar dheimhniúcháin chomhshaoil agus fuinnimh na bhfoirgneamh agus ar an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS), sonraíochtaí i dtaca le 'Soláthar Poiblí Glas' a dhréachtú.

## EPSO/CAST/P/25/2022 BAINISTIÚ FOIRGNEAMH – INNEALTÓIR / AILTIRE - Grúpa Feidhme IV

Cumhdaíonn an phróifíl seo roinnt speisialtachtaí amhail tionscadail, cothabháil / bainistíocht saoráidí, agus sláinte agus sábháilteacht. Ag seo samplaí de na dualgais thíosluaite is féidir a bheidh ar na speisialtachtaí sin.

1. Tionscadail: ailtireacht, cothabháil agus bailchríochnú, struchtúir, córas bainistithe foirgneamh, córas bainistithe cothabhála, bainistiú tionscadal foirgneamh, forbairt réadmhaoine agus éadálacha, Bainistiú Faisnéise Foirgnimh (BIM). Ag seo samplaí de na dualgais shonracha seo is féidir a bheidh ar an speisialtacht sin:

1.1. Staidéir, tógáil, agus leagan amach foirgneamh a bhainistiú agus a leanúint.
1.2. Tionscadail réadmhaoine a dhearadh, a gcur i gcrích a bhainistiú le linn gach céime agus i dtaca le gach gné díobh (teicniúil, riarachán, airgeadas, buiséadach) glacadh earraí san áireamh.
1.3. Pleanáil fardal, tógálacha agus síntí foirgnimh a chinntiú bunaithe ar mheasúnuithe ar riachtanais réadmhaoine i dtaca le dromchlaí, daingneáin, trealamh, iontaofacht, etc.

2. Cothabháil / Bainistiú Saoráidí: leictreachas meánvoltais agus ísealvoltais, téamh-aeráil-aerchóiriú, gnéithe meicniúla agus ardaitheoirí, hiodrálaic, pluiméireacht. Ag seo samplaí de na dualgais shonracha seo is féidir a bheidh ar an speisialtacht sin:

2.1. Staidéir leagan amach, oibriú (cothabháil), iontaofacht foirgneamh agus a dtrealamh a bhainistiú agus obair iardain a dhéanamh.
2.2. Meastóireacht a dhéanamh ar riachtanais réadmhaoine i dtaca le dromchlaí, daingneáin, trealamh, iontaofacht, etc.
2.3. Bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme an phróisis maidir le Samhaltú Faisnéise Foirgneamh (BIM).

3. Sláinte agus sábháilteacht: infreastruchtúr slándála, infreastruchtúr sábháilteachta dóiteáin, sábháilteacht agus sláinte a chomhordú, comhairleoireacht faoi chosc, deimhniúchán comhshaoil agus fuinnimh i bhfoirgnimh, an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS). Ag seo samplaí de na dualgais shonracha seo is féidir a bheidh ar an speisialtacht sin:

3.1. Gnéithe sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú agus obair iardain a dhéanamh orthu le linn staidéar, le linn oibreacha agus le linn oibríochta (tionscadail agus cothabháil).
3.2. Dualgais feidhmiúcháin agus mhaoirseachta i dtaca le sábháilteacht, sláinte agus cosc.

Baineann na dualgais seo a leanas leis an bpróifíl iomlán:

1. Buiséid, comhaid theicniúla agus riaracháin, sonraíochtaí agus conarthaí a ullmhú.
2. Páirt a ghlacadh i gcaibidlíocht theicniúil agus airgeadais.
3. Comhairle a thabhairt don ordlathas maidir le gach ábhar a bhaineann leis an bpost.
4. Faisnéis agus aon doiciméadacht a bhaineann le réimse na gníomhaíochta a eagrú agus a bhainistiú.
5. Bainistiú agus comhordú a dhéanamh ar cheadanna comhshaoil, ar chomhlíontacht dhlíthiúil foirgneamh,

ar dheimhniúcháin chomhshaoil agus fuinnimh na bhfoirgneamh agus ar an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS), sonraíochtaí i dtaca le 'Soláthar Poiblí Glas' a dhréachtú.

Deireadh IARSCRÍBHINN I. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs

## IARSCRÍBHINN II. Ceanglais Teanga

Is cleachtas caighdeánach é le fada an lá an Béarla, an Fhraincis nó an Ghearmáinis a úsáid chun cumarsáid inmheánach a dhéanamh in institiúidí an Aontais agus cumarsáid sheachtrach ag na hinstitiúidí.

Is de réir riachtanais na seirbhíse a leagadh síos na roghanna maidir leis an dara teanga do na próisis roghnúcháin seo (i.e. an Béarla, an Fhraincis, nó an Ghearmáinis). Ar mhaithe leis an tseirbhís, caithfidh na gníomhairí ar conradh a earcaítear a bheith ábalta dul i mbun oibre láithreach agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le linn na hoibre laethúla.

Earcaítear gníomhairí ar conradh ar chonarthaí gearrthéarmacha nó meántéarmacha chun riachtanais shonracha phráinneacha foirne a chomhlíonadh. De ghnáth, earcaítear iad chun cúraimí a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigeach nó ball foirne sealadach nó chun áit duine den bhuanfhoireann atá as láthair a ghlacadh go sealadach. Is é atá le tuiscint as earcaíocht gníomhairí ar conradh go mbeidh siad in ann dul i mbun na hoibre láithreach agus go mbeidh siad ag glacadh lena dhualgais gan stró san áit oibre, mar sin a bheith ag obair i ndlúthchomhar le baill foirne atá ann cheana.

Ós rud é go gcaithfidh earcaigh nua a bheith in ann dul i mbun a ndualgas láithreach agus gan breis oiliúna teanga a fháil, ní mór dóibh a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh i gceann amháin ar a laghad de na teangacha cumarsáide a úsáidtear sna seirbhísí earcaíochta, i.e. an Béarla, an Fhraincis, nó an Ghearmáinis. Mura mbeidh na hearcaigh nua in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus na dualgais ar lena n-aghaidh a earcaíodh iad a chur i gcrích, ní bheadh na próisis roghnúcháin seo oiriúnach dá bhfeidhm, agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí bac mór ar fheidhmiú éifeachtúil na n-institiúidí.

Deireadh IARSCRÍBHINN II. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs

## IARSCRÍBHINN III. Cóid speisialta atá le sonrú in iarratais ar phróifílí 'Bainistíocht Foirgníochta' EPSO/CAST/P/23/2022, EPSO/CAST/P/24/2022, agus EPSO/CAST/P/25/2022

Tá na cóid a liostaítear san iarscríbhinn ceaptha sainaithint na n-iarrthóirí a bhfuil na scileanna teicniúla sonracha acu a éascú. Tá siad comhionann i ngach teanga. Iarrtar ar iarrthóirí na cóid seo a úsáid sna foirmeacha iarratais (más infheidhme, faoi na clibeanna 'Taithí Ghairmiúil' agus / nó 'Oideachas agus Oiliúint') chun aird a tharraingt ar scileanna áirithe agus cur síos á dhéanamh acu ar a dtaithí ghairmiúil. Féadfar roinnt cód a úsáid más gá. Déanfaidh na seirbhísí earcaíochta measúnú ar na scileanna dearbhaithe.

### EPSO/CAST/P/23/2022 Bainistiú Foirgneamh – Gníomhaire lóistíochta agus teicniúil - Grúpa Feidhme II

[CClea] Maoirseacht ar ghlanadh
[CHelp] Deasc cabhrach teicniúla
[CLog] Gníomhaire lóistíochta

### EPSO/CAST/P/24/2022 Bainistiú Foirgneamh – Speisialtóir tógála foirgneamh - Grúpa Feidhme III

#### Oibreacha struchtúracha

[TArch] Ailtireacht, dearadh intí
[TRef] Athchóiriú agus bailchríochnú
[TStru] Struchtúr

#### Teicnící speisialta

[TElec] Leictreachas meánvoltais agus ísealvoltais
[TDaCa] Sonraí agus dearadh cáblúcháin
[THvac] Téamh-Aeráil-Aerchóiriú
[TIsec] Infreastruchtúr slándála
[TIfir] Infreastruchtúr sábháilteachta dóiteáin
[TMeca] Gnéithe meicniúla agus ardaitheoirí
[THydr] Hiodrálaic, Pluiméireacht
[TIbms] Córas Bainistithe foirgneamh

#### Tionscadail agus saoráidí a bhainistiú

[TCstr] Tógáil, bainistiú láithreán
[TReal] Forbairt réadmhaoine agus ceannacháin
[TFm] Bainistiú saoráidí - saothrú
[TImms] Córas Bainistithe Cothabhála
[TGcad] Dearadh ríomhchuidithe a dtacaítear leis le grafaicí
[TGbim] Samhaltú faisnéise foirgneamh a dtacaítear leis le grafaicí

#### Bainistiú fuinnimh agus comhshaoil

[TEnvi] Bainistiú comhshaoil agus fuinnimh i bhfoirgnimh
[TEcem] Deimhniúchán comhshaoil agus fuinnimh na bhfoirgneamh, an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS),
[TEqaw] Rialú cáilíochta aeir agus uisce

### Bainistiú sláinte agus sábháilteachta

[HSafe] An tsábháilteacht agus an tsláinte a chomhordú
[TCouns] Comhairleoireacht faoi cosc

### EPSO/CAST/P/25/2022 Bainistiú Foirgneamh – Innealtóir / Ailtire - Grúpa Feidhme IV

### Bainistiú foirgneamh — tionscadal

[PArch] Ailtireacht
[PRef] Athchóiriú agus bailchríochnú
[PStru] Struchtúr
[PElec] Leictreachas meánvoltais agus ísealvoltais
[PHvac] Téamh-Aeráil-Aerchóiriú
[PIsec] Infreastruchtúr slándála
[PIfir] Infreastruchtúr sábháilteachta dóiteáin
[PMeca] Gnéithe meicniúla agus ardaitheoirí
[PHydr] Hiodrálaic, Pluiméireacht
[PIbms] Córas Bainistithe foirgneamh
[PBprm] Bainistiú tionscadal foirgníochta
[PEnvi] Speisialtóir comhshaoil agus fuinnimh maidir le foirgnimh
[PEcem] Deimhniúchán comhshaoil agus fuinnimh foirgneamh, an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS), rialú cáilíochta aeir agus uisce
[PReal] Réadmhaoin
[PBIM] Bainistiú Faisnéise Foirgneamh

### Bainistiú foirgneamh — cothabháil / saoráidí a bhainistiú

[MArch] Ailtireacht
[TRef] Athchóiriú agus bailchríochnú
[MStru] Struchtúr
[MElec] Leictreachas meánvoltais agus ísealvoltais
[MHvac] Téamh-Aeráil-Aerchóiriú
[MIsec] Infreastruchtúr slándála
[MIfir] Infreastruchtúr sábháilteachta dóiteáin
[MMeca] Gnéithe meicniúla agus ardaitheoirí
[MHydr] Hiodrálaic, Pluiméireacht
[Mibms] Córas Bainistithe foirgneamh
[Mimms] Córas Bainistithe Cothabhála
[MEnvi] Speisialtóir chomhshaoil agus fuinnimh maidir le foirgnimh
[MEcem] Deimhniúchán comhshaoil agus fuinnimh foirgneamh, an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS), rialú cáilíochta aeir agus uisce
[MReal] Réadmhaoin
[MBIM] Bainistiú BIM

### [HSafe] Sábháilteacht agus sláinte a chomhordú

[HSafe] Gnéithe sábháilteachta agus sláinte a chomhordú
[HCouns1] Comhairleoir coisc, an chéad leibhéal
[HErgo] Comhairleoir coisc maidir leis an eirgeanamaíocht
[HPsych] Comhairleoir coisc maidir le gnéithe síceasóisialta

[HHyg] Comhairleoir coisc maidir le sláinteachas oibre

Deireadh IARSCRÍBHINN III. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs